



Aistear aistriúcháin agus anailíse ar scéal béaloidis

Padaí de Bléine

<https://doi.org/10.13025/cqnh-5t03>

Achoimre

Is é atá san alt seo ná aistear aistriúcháin agus anailíse ar scéal béaloidis a aistríodh ó Bhéarla go Gaeilge. Tagann an scéal béaloidis *The Three Spinners* as an chnuasach *Czech Fairytales* le Karel Jaromír Erben agus Božena Němcová a aistríodh ón tSeicis go Béarla. Pléann an t-alt seo cad is béaloideas ann agus a riachtanaí atá sé go dtuigeann an t-aistritheoir an seánra agus an cineál teanga a úsáidtear sa scéal béaloidis. Léiríonn an t-alt seo tréithe an scéil bhéaloidis dar le Ó Duáin (1968) agus Riggs (1974). Cuirtear béim ar aistriúchán don teanga labhartha go príomha sa chás seo agus ar a thábhachtaí atá sé go dtuigeann an té atá á aistriú go mbeidh sé fóirsteanach don chainteoir dúchais a bheas ag aithris an scéil. Tarraingíonn an t-alt seo ar dhearcadh Ottinen (2000) agus í ag plé cúrsaí aistriúcháin i dtaca leis an teanga labhartha. Tá cur síos ar an phroiseas aistriúcháin agus ar na teoiricí aistriúcháin a chuir Nida (1964), Ó Ruairc (2007), Venuti (2008) agus Nord (2014) chun tosaigh agus a bhí chun cinn in intinn an aistritheora agus é i mbun oibre. Déantar tagairt don dóigh a ndeachaigh an t-aistritheoir i ngleic le hainm dílis a bhí le haistriú aige. Déantar tagairt do Chanúint Uladh san aistriúchán seo agus do thréithe na canúna céanna ar chóir don aistritheoir a bheith eolach orthu. Déantar tagairt d'fhocail, fhrásaí agus fhriotal agus don dóigh ar bhain an t-aistritheoir úsáid as foinsí éagsúla béaloidis le leagan leanúnach dílis den scéal a aistriú go Gaeilge. Tá taifeadadh den leagan aistrithe den scéal a d'aithris Brídanna Ní Bhaoill as Rann na Feirste ar fáil a bheadh ina áis iontach ag múinteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge.

Réamhrá

Chaith an t-aistritheoir seachtain ar mhalartaíocht oibre in Ollscoil Svaty Jan i bPoblacht na Seice tá dhá bhliain ó shin. Agus é ann tháinig sé ar leabhar dar teideal *Czech Fairytales* le Karel Jaromír Erben agus Božena Němcová. Chuir an t-aistritheoir suim mhór sna scéalta béaloidis ann agus mhothaigh sé go raibh ábhar na scéalta an-chosúil le hábhar na scéalta béaloidis i nGaeilge agus gurbh fhiú go mór Gaeilge a chur ar cheann acu. Dúshlán a bhí ann, mar sin, Gaeilge a chur ar cheann de na scéalta ionas go n-aithriseofaí é agus go léifí é amhail is gur scríobhadh i nGaeilge a chéaduair é. Mar a deir Venuti (2008: 1):

A translated text, whether prose or poetry, fiction or nonfiction, is judged acceptable by most publishers, reviewers and readers when it reads fluently, when the absence of any linguistic or stylistic peculiarities make it seem transparent, giving the appearance that it reflects the foreign writer's personality or intention or the essential meaning of the foreign text – the appearance, in other words, that the translation is not in fact a translation but the “original”.

Tá súil ag an aistritheoir go ndeachaigh aige leagan dílis den scéal béaloidis *The Three Spinners* as an chnuasach thuasluaite a chur ar fáil i nGaeilge Uladh. Ní ar an téacs mar tháirge scríofa amháin a bhí aird an aistritheora ach é mar aidhm aige leagan a aistriú a bheadh fóisteanach don scéalaí a bheadh á chur i láthair os comhair lucht éisteachta.

Cad is béaloideas ann?

Tá sé rithábachtach don aistritheoir eolas a fháil ar an tseánra atá le haistriú aige. Scéal traidisiúnta a insítear os ard do lucht éisteachta atá sa scéal béaloidis. Dar le Riggs (1974: 7) gurb iad na focail is tábhachtaí i sainmhíniú an scéil bhéaloidis ná an téarma *traidisiúnta* agus an téarma *lucht éisteachta*. Bhíodh neart eolais agus neart scéalta ag na gnáthdhaoine agus bhain an t-eolas céanna le gach gné den tsaol. Is é atá sa bhéaloideas mar sin ná dúchas agus traidisiún an phobail a coinníodh beo agus a choinnítear beo i mbéal na ndaoine agus a gcuirtear leis ó ghlúin go glúin. Maíonn Ó Duáin (1968: 109) go raibh urraim ar leith ag Gaeil riamh don rud a tháinig anuas chucu óna sinsir agus ghabh a gcuid filí orthu féin an oidhreacht sin a chaomhnú agus a bhuanú. Maíonn sé fosta gur mhór ag ár muintir gach dá raibh ársa agus sinseartha agus ba ghairm ag na filí é sin a chosaint, a iomlánú agus a thabhairt ar aghaidh. Áirítear pisreogracht, paidreacha, mallachtaí, leigheasanna agus scéalta i measc nithe eile sa bhéaloideas. Ar ndóigh, beatha teanga í a labhairt ach buanú teanga í a scríobh. Mhair an traidisiún agus an dúchas i saíocht an traidisiúin bhéil go dtí teacht na Críostaíochta agus i bhfad ina dhiaidh sin chomh maith. Is gné an-tábhachtach de bhéaloideas na Gaeilge í an scéalaíocht. Dar le Williams & Ní Mhuiríosa (1979: 1):

Deirtear gur i nGaeilge atá an cnuasach is toirtiúla agus is saibhre de scéalta laochais le fáil. Ní miste a mhaíomh go bhfuil na scéalta seo chun tosaigh, ní amháin de bharr a líonmhaire, ach de bharr

ilchineálacht an ábhair iontu freisin. Tá difríochtaí áirithe le tabhairt faoi deara idir an litríocht laochais sna teangacha éagsúla. Ní hionann foirm ná stíl dóibh i gcónaí, cuir i gcás, ach ar an iomlán, is féidir a go rá mbíonn an t-ábhar céanna iontu uile agus an dearcadh céanna mar bhúnus leo.

Tá samplaí de thraidisiún na scéalaíochta go forleathan i litríocht na Gaeilge. Tháinig Séamas Ó Grianna ar an tsaol i Rann na Feirste sa bhliain 1889 agus bhí traidisiún na hamhránaíochta agus na scéalaíochta an-láidir ag a mhuintir. Deir Ó Grianna (1942: 67):

Teach mór airneáil a bhí sa teach s'againne fada ó shin. Bhíodh Donnchadh Rua againn corruair agus é ag inse fá chuid éachtaí a athara. Thigeadh Seánín Phádraig an Dálaigh agus níodh sé oíche sheanchais ar na Fianna agus ar Chú na gCleas. Bhíodh mo mháthair mhór againn oícheanta sníomhacháin agus gan aon scéal ó Neamh go hÁrainn nach mbíodh aici.

Tá samplaí eile de na hoícheachta seanchais ag Ó Grianna, (1924: 26) in *Caisleáin Óir* agus an tseanbhean ag insint scéal *Inis Dhún Rámha*. Dar le Ó Grianna go raibh sé, 'ag éisteacht le tuaim an dtonn, le feadalach na róna le boilgearnach na péiste móire agus le srannfach na muice mara.' Is é a dhála céanna é agus Ó Grianna (1921: 27) ag cur síos ar an scéalaí Eoghainín Thuathail. Shíl a raibh i láthair 'go bhfaca siad na himearthóirí ina rith anonn is anall i ndiaidh na liathróide, agus go gcuala siad na camáin ag teacht in éadan a chéile, an gleo agus an callán, an trup agus an tormán, agus an gháir a d'éirigh nuair a bhuaigh muintir Cheann Dubhrann an lá.' Léiríonn Ó Grianna (1942: 75) go raibh glór an tseanchaí 'mar a bheadh glór ann a thiocfadh aniar ón tseantsaol.' Is léir mar sin go raibh meas mór ar an tseanchaí agus léiríonn Ó Grianna (1945: 7) an meas a bhíodh ag muintir Rann na Feirste ar Bhilí na mBuailtín; 'seanchaí agus ceoltóir a bhí ann agus thabhaigh an dá bhuaidh sin óstas geimhridh dó i Rann na Feirste.' Tugann an file Ó Searcaigh (1993: 112) an seanchaí Neddie Eoin chun beatha ina dhán 'Oícheanta Geimhridh' agus tugann Neddie Eoin na heachtraí éagsúla chun beatha ina insint scéil.

Ní leis na Gaeil amháin, ar ndóigh, a bhaineann an béaloideas ach le pobail agus le ciníocha ar fud an domhain. Dar le Garry & Hasan El-Shamy (2005: 11), go mbíonn patrún uilíoch sna scéalta ó thíortha ar fud an domhain. Luann siad an dóigh a mbíonn ríthe sna scéalta, an dóigh a dtagann leanbh ar an tsaol, an dóigh a dtugtar duine go tíortha i gcéin, an dóigh a ndéantar rí den leanbh, an dóigh a bpósann sé banphrionsa agus patrúin eile nach iad. Is léir go mbaineann cuid de na móitífeanna seo leis *The Three Spinners* a aistríodh ón chnuasach de scéalta béaloidis Phoblacht na Seice agus le scéalta béaloidis sa Ghaeilge. Tá móitífeanna *An Triúr Sníomhaithe* agus *An Cailín Falsa* an-chosúil lena chéile. Bhíodh an scéal *An Cailín Falsa* ag Míicé Sheáin Néill, seanchaí mór le rá as Rann na Feirste, agus seanuncail le Bridanna Ní Bhaoill, an té a d'aithris an scéal.

Brídanna Ní Bhaoill



Is scéalaí mór le rá as Rann na Feirste í Brídanna Ní Bhaoill. Is garneacht í le Míicé Sheáin Néill arbh as Rann na Feirste é. D'fhás Brídanna aníos agus í ag éisteacht le scéaltaí Mhicé Sheain Néill ó bhéal an bhradáin. Is cinnte go mbíodh 'drihleoga dearga a bhriathra ina spréacha ag lasadh na samhlaíochta', i mBrídanna agus go mbíodh briathra Mhicé Sheain Néill ag titim in

úir mhéith a haighe. Is iomaí duais atá bainte ag Bhrídanna as a bua scéalaíochta agus rinneadh aistriúchán ar an scéal seo agus guth binn Bhrídanna in intinn an aistritheora. Deir Oittinen (2000: 77) agus í ag trácht ar aistriúcháin ar phictiúrleabhair do pháistí:

The sensual dimension of the spoken word is part of that performance. 'The text should live, roll, taste good on the reading adult's tongue.

Fóireann an ráiteas seo don aistritheoir sa chás seo. Caithfidh an t-aistriúchán a bheith ag díriú ar aithriseoir an scéil ionas go ligfidh sé do ghuth galánta Bhrídanna é a thabhairt chun beatha agus go dtiocfaidh an teanga agus na téarmaí san aistriúchán go réidh chuici. Maíonn Ó Ruairc, (2007: 13) go bhfuil caidreamh idir an t-aistritheoir agus an léitheoir. Sa chás seo, áfach, tá caidreamh idir an t-aithriseoir agus an lucht éisteachta chomh maith. Dar le Mac Aoidh (2016: 172) ní fhoghlaimoidh scéalaí scéal focal ar fhocal ach d'éistfeadh sé nó sí go cúramach le himeachtaí an scéil, leis na cnámha a gcuirfeadh sé craiceann orthu ar ball. Maíonn sé go samhlódh an scéalaí na heachtraí éagsúla ina cheann nó ina ceann lena leagan féin a insint. Tarraingíonn Gooch (1996: 14) aird ar na deacrachtaí agus ar na dúshláin roimh an aistritheoir don té atá ag dul a bheith páirteach i ndráma ar ardán. Maíonn sé gur minic a bhíonn an t-aistritheoir don ardán ag aistriú faoi dhó: chuig an sprioctheanga ar dtús agus ansin chuig gluaiseachtaí príomhúla na gcarachtar. Is é a dhála céanna é ag an té atá ag aistriú don scéalaí atá ag dul a chur an scéal i láthair lucht éisteachta agus lucht féachana.

Cur chuige an aistriúcháin

Don té atá ag dul a aistriú scéalta béaloidis, caithfidh sé é féin a thumadh i dteanga an bhéaloidis agus lón léitheoireachta a dhéanamh. Caithfidh sé foclóirí, leabhair ghramadaí agus foinsí eile a chuardach agus é i mbun oibre. Dar le Ó Ruairc, (2007: 7):

Is é is buanchnuspóir don aistritheoir go Gaeilge, ag féachaint don bhunlaige atá air mar aistritheoir nach bhfuil an Ghaeilge ó dhúchas aige, a chuid eolais a fheabhsú gan staonadh ar an gclisteacht friotail agus an éagsúlacht meoin agus an dearcadh difriúil is dual don teanga.

Molann Ó Ruairc (2007: 9) na seanaistriúcháin a rinne daoine amhail Seosamh Mac Grianna nuair a bhíodh sé ag aistriú do *An Gúm*. Bhíodh na haistritheoirí sin, dála Mhic Grianna, ag tarraingt as tobar domhain eolais ar an Ghaeilge, ag smaoineamh as Gaeilge agus gach gné den fhriotal acu ag freagairt do ghnáthúsáid an lae. Maíonn Mac Grianna, (1940: 8) go raibh obair an aistriúcháin chomh furasta lena bhróga a cheangal. Ní hamhlaidh atá an cás ag gach aistritheoir, ar ndóigh, ach thig leis feabhas a chur ar a cheird i gcónaí, ach lón léitheoireachta agus neart cleachta a dhéanamh.

Aistríodh an scéal béaloidis san aiste seo as an chnuasach *Czech Fairytales* ionas go ndéanfaí taifeadadh de. Rinneadh lón léitheoireachta ar na scéalta béaloidis atá ar fáil i nGaeilge ar dtús, ar nós *Scéalta Johnny Shéamaisín* (2004) agus *Scéalta Draíochta Mhicí Sheáin Néill* (2021) gan ach cúpla cnuasach a lua. B'éigean don aistritheoir sa chás seo mar sin, a dhéanamh cinnte go gcoinneofaí rithim na teanga céanna beo san aistriúchán ar an scéal as Poblacht na Seice agus atá sna cnuasaigh luaitear thuas. Is é an t-úsáideoir deiridh; an lucht léitheoireachta agus an lucht éisteachta is tábhachtaí san aistriúchán seo. Thug Vermeer; (1989) *Skopos* ar an teoiric seo. Is focal Gréigise é *Skopos* a chiallaíonn sprioc nó cuspóir agus bhain Vermeer leas as mar théarma le cur síos ar an teoiric a d'fhorbair sé féin faoi chuspóir an aistritheora. Dar le Nord (2014: 27):

According to Skopostheorie (the theory that applies the notion of Skopos to translation), the prime principle determining any translation process is the (skopos) of the overall action. This fits in with intentionality being part of the very definition of any action.

Chuir Nida (1964) an comhionannas dinimiciúil chun tosaigh agus é ag trácht ar chúrsaí aistriúcháin. Maíonn sé go dtugann an comhionannas dinimiciúil níos mó eolais don léitheoir agus gurb é gnáthleagan cainte an léitheora is tábhachtaí i ngach aon chás. Mar a deir Nida féin (1964: 159):

A translation of dynamic equivalence aims at complete naturalness of expression and tries to relate the receptor to modes of behaviour relevant within the context of his own culture.

Rinneadh iarracht teanga nádúrtha a chur chun cinn san aistriúchán seo. Is iad na teoiricí thuas a bhí chun tosaigh in intinn an aistritheora sa tsaothar seo agus é ag machnamh ar leibhéal, ar rithim, ar íogaireacht, ar iomas agus ar intleacht na teanga. Tá focal sa Ghearmáinis, *Sprachgefühl* a chuimsíonn na tréithe seo uilig agus ar chóir don aistritheoir díriú air agus é i mbun pinn. Ciallaíonn an focal 'sprache', labhairt na teanga sa Ghearmáinis, agus ciallaíonn an focal 'gefühl' saíocht na bhfocal. Tugann Cathal Ó Searcaigh (2011) *léargas* air seo ina dhán 'Tiontú'. Cuireann sé síos ar Maggie Neddíe Dhonnchaidh a chónaigh in aice leis. Bhí sise ina sanasaí, dar le Ó Searcaigh agus í ábalta an ní a bhí deoranta a chur faoi chuing an dúchais i ndeismireacht bhéil a daoine. Is é sin an cur chuige a bhí chun tosaigh in intinn an aistritheora sa chás seo agus é ag tarraingt as tobar na teanga sna scéalta béaloidis. Deir Ó Ruairc, (1997: 44)

go dtugann teoiric an aistriúcháin creat don aistritheoir agus go dtaispeánann sé dó cad é an modh oibre is fearr a d'oirfeadh do théacs ar leith. Mar a deir Vermeer féin (Vermeer 1989a: 20 translation from Nord 1997: 29):

Each text is produced for a given purpose and should serve this purpose. The Skopos rule thus reads as follows: translate/interpret/speak/write in a way that enables your text/translation to function in the situation in which it is used and with the people who want to use it and precisely in the way they want it to function.

Léiríonn an t-athfhriotal thuas gurb é an rud atá le déanamh ag an aistritheoir ná eolas a bhailiú ar an spriocghrúpa léitheoireachta nó éisteachta a bhfuil sé ag díriú air agus seo a choinneáil chun tosaigh ina smaointe. Nuair a bheas táscairí aige ar an ghrúpa; ar an chanúint, ar nathanna teanga, ar fhriotal teanga agus ar nodanna eile, is fearr a bheas sé ábalta tabhairt faoin aistriúchán agus an t-aistriúchán a mhúnlú chun sástachta an ghrúpa sin. Ní hionann an *Skopos* agus an dóigh ar chóir d'aistritheoir a chuid oibre a dhéanamh ach tugann sé leideanna dó ar an lucht léitheoireachta nó éisteachta agus beidh sé ábalta é a aistriú sa dóigh go mbeidh sé fóirsteanach do riachtanais an ghrúpa sin. Mar a deir Vermeer (Vermeer 1989b/2012: 198):

What Skopos states is that one must translate, consciously and consistently, in accordance with some principle respecting the target text. The theory does not state what the principle is: this must be determined separately in each specific case.

Tugann an *Skopos* deiseanna don aistritheoir tuilleadh eolais a chur isteach más gá leis an téacs a éascú don spriocghrúpa nó píosa eolais a fhágáil as leis an leagan deireanach a dhéanamh 'níos cairdiúla' don spriocghrúpa. Mar shampla, is minic san aistriúchán seo gur scoilteadh abairtí fada ina dhá leath ionas go mbeadh siad níos éasca don aithriseoir agus don lucht éisteachta chomh maith.

Aontaíonn Ó Ruairc, (2007: 11) le Vermeer agus é ag maíomh gurb é an cruthanas is fearr den dea-aistriúchán, nach eol don léitheoir gur aistriúchán é. Maíonn Ó Ruairc, (2007: 14) go gcaithfidh an t-aistriúchán a bheith ciallmhar, ciallmhar agus arís ciallmhar. Dar le Bassnett, (2011: 16) go mbíonn cuid mhaith aistritheoirí ag insint di nach bhfuil teoiricí de dhíth orthu ach an cleachtadh. Maíonn sí go bhfoghlaímíonn aistritheoirí straitéisí agus

nósanna nua agus iad i mbun oibre. Rinne an t-aistritheoir ar an scéal béaloidis seo iarracht tarraingt ar theoiricí agus ar chleachtadh le téacs soléite sothuigte a sholáthar. Mar a deir Ó Doibhlín, (2000: 10):

... and if I have any guiding principles, they are simply these; to produce a text that reads as naturally as may be possible to the Gaelic eye and ear, and at the same time to remain as faithful as may be possible to the experience of reading the work in its original language.

Cuireann Ó Ruairc, (1997: 42) comhairle a leasa ar an aistritheoir agus é i mbun oibre. Dar leis:

Bíonn dhá chuspóir ar a iúl aige de shíor, bíonn leathshúil ag faire ar thoil an údair agus leathshúil eile dírithe ar thuiscint an léitheora. Agus tuigtear dó nach téacs lom amháin atá le haistriú aige, nach bhfuil gach téacs ina fhógra oifigiúil, ach go bhfuil giúmar agus mothúcháin agus mífhoigne agus íogaireacht agus caolchúis le haistriú freisin.

Glacadh leis an chomhairle chéanna agus an t-aistriúchán seo idir lámha.

Ag aistriú ainm dílis sa scéal

Rinneadh cinneadh an t-ainm dílis *Liduška* a dhúchasú. Aistríodh *Liduška* go 'Aoibhinn'. Is é an sprioc a bhí roimh an aistritheoir ná rithim na teanga a choinneáil beo i mbéal an aithriseora, i gcluasa an lucht éisteachta agus i súile an lucht léitheoireachta, agus ainmneacha coimhthíocha a sheachaint. Bhí dhá chúis leis an chinneadh seo. Sa chéad dul síos, bheadh cuma choimhthíoch ar ainm iasachta sa téacs ag léitheoir ar bith agus sa dara dul síos bheadh siad doiligh ag an aithriseoir sa chás seo é a fhuaimniú gan eolas aici ar theanga na Seice. Dúirt Lathey (2006: 7) agus í ag tagairt d'ainmneacha dílse i scéalta do pháistí gur chóir na hainmneacha a aistriú má tá baint acu le tréithe na gcarachtar sa scéal. Molann Bell, (1985: 7) gur chóir ainmneacha iasachta a dhúchasú ionas nach gcothóidh siad coimhthíos idir na léitheoirí agus an téacs. Dar le Klingberg, (1986: 17), ba chóir an téacs coimhthíoch a thabhairt chuig an léitheoir ach gur chóir a laghad athruithe agus is féidir a dhéanamh. Tagann an t-ainm *Liduška* ón tSlaivic agus tá ciall dhearfach leis an ainm sa teanga sin. Deirtear gur chóir don té a bhfuil an t-ainm *Liduška* uirthi a bheith lách cineálta le gach duine. Rinneadh dúchasú ar an ainm *Liduška* go 'Aoibhinn' leis an chiall i dteanga na Slaivice san ainm a choinneáil.

Caighdeán agus Canúint

Baintear feidhm as córas an tséimhithe tríd síos an aistriúchán seo agus an scéal dírithe ar lucht léitheoireachta agus ar lucht éisteachta Chúige Uladh go príomha. Tá treoracha do chóras an tséimhithe ar fáil in *An Caighdeán Oifigiúil* (2016: 16-17). Cuirtear 't' roimh 's' sa

tuiséal tabharthach fiú más focal firinsneach é – cuir i gcás *sa tseanchas*. Bheadh an córas uraithe coimhthíoch ag Brídanna Ní Bhaoill, an t-aithriseoir, agus ag an lucht éisteachta agus ag lucht léitheoireachta a bhfuil na scéalta dírithe orthu go príomha. Roghnaítear an focal, an frása agus an friotal is minice a úsáidtear i gcanúint Chúige Uladh síos fríd na haistriúcháin ar na scéalta fosta nuair atá rogha le déanamh ag an aistritheoir. Déantar tagairt do leaganacha na bhfocal, na bhfrásaí agus an fhriotal atá ar fáil sna leabhair cháiliúla agus sna scéalta cáiliúla as Tír Chonaill, cuir i gcás; Ó Grianna (1924) *Caisleáin Óir*, Mac Grianna (1940) *Mo Bhealach Féin*, Mac Maoláin (1992) *Cora Cainte as Tír Chonaill* agus Ó Domhnaill (1968) Scéalta Johnny shéamaisín nuair is féidir, leis an scéal *The Three Spinners* a aistríodh go Gaeilge a shaihbriú agus a dhúchasú. Cuideoidh an cur chuige seo le Brídanna, ar as Rann na Feirste í agus cuideoidh sé fosta le tuiscint an lucht éisteachta agus an lucht léitheoireachta.

Cloítear leis an Chaighdeán Oifigiúil (2016) tríd síos fosta.

An Triúr Sníomhaithe. Aistriúchán agus anailís

Bhí sin ann agus más fada ó bhí, bhí baintreach bhocht ann, nach raibh aici ach an t-aon iníon amháin ar tugadh Aoibhinn uirthi. Ó tharla nach raibh talamh ar bith acu, gan fiú bó ach oiread, bhíodh siad ag sníomh chun an beo a choinneáil os cionn an mhairbh. Girseach álainn dea-mhúinte a bhí in Aoibhinn gan de locht uirthi ach go raibh sí chomh falsa le broc. Nuair a bhí sí in ainm is a bheith ag sníomh ag an tuirne thoisíodh sí a chaoineadh. Nuair a thug a máthair uirthi tabhairt faoin obair sa deireadh thiar thall, bhí a cuid oibre chomh dona sin nárbh fhiú a dhath í. Tharla lá go raibh a máthair i mbarr a céille aici; tháinig cuil an diabhair uirthi is thug smitín i mbun na cluaise di. Thosaigh Aoibhinn a chaoineadh agus ag mairgneach ionas go gcluinfí i bhfad i gcéin í.

Go díreach ag an bhomaite sin tharla go raibh an Bhanríon ag dul thar bráid i gcóiste. Nuair a chuala sí an caoineadh a bhainfeadh deoir as cloch ghlas, d'iarr sí ar a fear cóiste stopadh, thuirling den charráiste agus chuaigh isteach sa chró beag tí agus í ag déanamh gur tharla tubaiste mhór dóibh siúd a bhí istigh. Nuair a chonaic sí Aoibhinn ag caoineadh uisce a cinn, d'fhiafraigh sí di: “Cad é a tharla duit, a leanbh ionúin?”

“Órú, is é an rud a tharla ná gur thug mo mháthair smitín dom.” Thiontaigh an Bhanríon chuig an mháthair agus ar sise léi: “Cad chuige ar thug tú smitín don ghirseach bhocht seo?”

Bhí an mháthair trína chéile gan a fhios aici cad é ba chóir di a rá. Bhí náire uirthi a insint don Bhanríon go raibh a hiníon chomh falsa sin.

“Órú, a Bhanríon na trócaire, is trom an t-ualach atá orm de dheasca na girsí sin. Is é rud nach dtógfaidh sí rud ar bith ina lámh ach an choigeal. Níl sí ag iarraidh rud ar bith eile ach a bheith ina suí ag an tuirne de ló is d'óiche. Tháinig an oiread sin feirge orm inniu léi gur thug mé smitín di. Is é sin an fáth a bhfuil sí ag caoineadh agus ag mairgneach.”

Tógáil croí a bhí sa scéal seo don Bhanríon agus dúil mhór aici sa tsníomh. Mar sin de, is é rud a dúirt sí leis an mháthair: Más sin mar tá, a Máthair na gírsí seo – ó tharlaíonn sé go bhfuil an oiread sin dúil ag d’iníon sa tsníomh, tabhair domsa le tabhairt ‘na bhaile í. Tabharfaidh mise aire mhaith di. Is mór an líon álainn atá agam sa phálas agus má dhéanann sí fónamh chomh craicneach céanna domsa agus a dhéanann sí sa bhaile, geallaim duit nach mbeidh aiféala uirthi.

Chuir an scéal seo lúcháir mhór ar an mháthair agus thug an Bhanríon an ghirseach léi láithreach agus d’fhill ar an phálas. A luaithe a bhain siad an pálas amach, thóg an Bhanríon lámh Aoibhinn agus threoraigh chuig na seomraí í. Bhí siad lán le líon ó bhun an urláir go barr na síleála. Bhí sé chomh galánta sin gur lonraigh sé mar a bheadh ór is airgead ann agus é chomh bog le him. Ansin labhair an bhanríon leis an ghirseach: “Déan obair chrua chraicneach, a iníon ionúin, agus an dá luas agus a bheas sé uilig sníofa agat, tabharfaidh mé mo mhac duit mar fhear céile agus is tusa a bheas ina bhanríon.”

Leis sin, d’iarr an bhanríon ar ghiolla dá cuid tuirne álainn luachmhar a thabhairt chuici. Bhí an tuirne sníofa as eabhar agus na lingéáin air déanta as ór; agus bhí ciseán ollmhór déanta as cána buí a raibh neart spól ann ag cumhrú an aeir. D’fhág an bhanríon Aoibhinn léi féin leis an líon i gceann de na seomraí.

Nuair a d’imigh an Bhanríon, shuigh Aoibhinn in aice leis an fhuinneog agus thosaigh a chaoineadh go fras. Dá mba rud é go mbeadh sí ag sníomh go ceann céad bliain ó mhaidin go faoithin, ní bheadh sí ábalta an líon uilig a bhí roimpi a shníomh. Is cinnte nach mbeadh sí ábalta é a dhéanamh, duine nár lú léi an diabhal ná an sníomh. Mar sin de, shuigh sí áit a raibh sí agus í ag caoineadh i rith na hoíche agus bhí sí go fóill ag caoineadh an mhaidin dár gcionn go dtí meán lae, gan turn dhá lámh a dhéanamh an t-am ar fad.

Ag meán lae tháinig an bhanríon lena fháil amach cá mhéad líon a bhí sníofa aici agus bhí iontas uirthi nuair a chonaic sí nár leagadh lámh ar an líon. Rinne Aoibhinn a leithscéal, a rá go raibh cumha i ndiaidh an bhaile uirthi agus gur chonaigh sí a máthair rud bocht agus nach raibh sí ábalta turn lámhe a dhéanamh de dheasca na ndeor. Chreid an Bhanríon focail na gírsí, thug sólas di agus dúirt, “ná bíodh brón ort, a iníon ionúin, is é rud go gcaithfidh tú obair mhór mhaith a dhéanamh amárach ionas go mbeidh mo mhac agat mar fhear céile agus tusa i do bhanríon.”

Nuair a d’imigh sí, shuigh Aoibhinn in aice leis an fhuinneog arís, d’amharc sí amach agus í ag ligint osna. Ní dhearna sí turn lámhe go dtí tráthnóna agus ar a bharr sin, ní dhearna sí a dhath go dtí meán lae an lá dár gcionn.

Tháinig an bhanríon ag meán lae agus bhí iontas an tsaoil uirthi; chuir sí grainc uirthi féin nuair a chonaic sí nár leag Aoibhinn lámh ar an líon go fóill. Rinne Aoibhinn leithscéal arís, a rá go raibh tinneas cinn uirthi i ndiaidh an caoineadh a rinne sí an lá roimhe agus gurbh é sin an fáth nach raibh sí ábalta turn lámhe a dhéanamh. Ghlac an Bhanríon leis

an leithscéal, ach ar sise agus í ag imeacht: “Tá sé in am duit, a Aoibhinn, tá sé in am duit tús a chur leis an obair más rud é go bhfuil tú ag iarraidh mo mhac a fháil mar fhear céile agus a bheith i do bhanríon.”

Lean an lá sin an dóigh chéanna ar lean na laethanta roimhe go dtí tráthnóna agus go dtí an mhaidin dár gcionn fosta: is é rud nár amharc Aoibhinn fiú ar an tuirne ach í ina suí in aice leis an fhuinneog agus í ag stánadh amach. D’oscail an bhanríon an doras ag meán lae agus nuair a chonaic sí go raibh Aoibhinn ina suí ansin go díomhain d’éirigh sí chomh dearg le meadar fola agus ar sise: “Éist liomsa, a Aoibhinn, inniu an lá deireanach a tharlóidh sé seo. Mura bhfuil a dhath ar bith sníofa agat faoin am seo amárach, ní bheidh mo mhac agat mar fhear céile. Ina áit sin, cuirfear faoi ghlas i dtúr dorcha thú lán le froganna, nathracha nimhe agus laghairteanna. Ligfidh mé duit bás a fháil den ocras ionas nach mbeidh tú ábalta bob a bhualadh orm agus bréaga a insint dom.” Leis sin, thiontaigh an Bhanríon ar a sáil agus cuil an diabhair uirthi, dhruid an doras de phlab agus d’imigh léi.

Tháinig critheagla ar Aoibhinn anois. Bhris an t-allas uirthi agus é ina rith síos clár a héadain nuair a smaoinigh sí ar an lá dár gcionn. Cad é ba chóir di a dhéanamh? Chas sí líon ar a coigeal, shuigh ag an tuirne agus thosaigh a shníomh. Ach cad é mar a bheadh sí ábalta a bheith ag sníomh agus í chomh falsa le broc? Ba ghairid gur éirigh sí as an obair. Shuigh sí in aice leis an fhuinneog agus chaoin chomh fras sin go raibh a croí ar shéala briseadh um thráthnóna.

Go tobann, chualathas cnag ar an fhuinneog. Nuair a thiontaigh Aoibhinn thart, chonaic sí triúr seanbhan gránna ina seasamh taobh amuigh. Bhí liopa íochtarach na chéad seanmhná chomh mór sin go raibh sé ag gobadh amach thar a smig. Bhí ordóg an dara seanbhean chomh leathan sin gur chlúdaigh sí bos a láimhe. Bhí cos dheas an tríú seanbhean chomh spadchosach sin go raibh an chuma uirthi gur thug duine éigin súisteáil di. Chuir siad an oiread sin eagla ar Aoibhinn nuair a chonaic sí iad gur phreab sí siar ón fhuinneog. Is é rud, áfach go ndearna an triúr seanbhan gránna aoihb an gháire uirthi go lách agus chuir in iúl di le comhartha láimhe gur chóir di an fhuinneog a oscailt agus nár chóir go mbeadh eagla uirthi rompu.

“Tráthnóna maith, a mhaighdean álainn,” ar siadsan. “Cad chuige a bhfuil tú ag caoineadh agus ag mairgneach?”

Ghlac Aoibhinn misneach agus d’fhreagair de ghlór caointeach. “Órú, cad chuige nach mbeinn ag caoineadh agus ag mairgneach ó tharlaíonn go gcaithfidh mé an líon uilig a fheiceann sibh ina charn romhaibh sa tseomra seo agus sa dá sheomra eile a shníomh atá lán ó bhun an urláir go barr na síleála fosta?” D’inis sí gach rud a tharla di do na seanmhná. D’inis sí dóibh gur gheall an Bhanríon di go mbeadh a mac aici mar fhear

céile agus ise ina banríon a luaithe a bheadh an líon uilig sníofa aici. “Ach cén mhaith dom é?” ar sise fosta. “Ní thiocfadh liom é uilig a shníomh dá mba rud é go mbeinn ag sníomh go lá mo bháis.”

Rinne na seanmhná aoibh an gháire agus dúirt: “Déanfaidh muid margadh leat, a thaisce. Má thugann tú gealltanais dúinn go gcuirfidh tú cuireadh orainn chuig do bhainis, go mbeidh muid inár suí in aice leat agus nach mbeidh náire ort fúinn os comhair na n-aíonna, sníomhfaidh muid an líon uilig duit níos gaiste ná a mheasann tú.”

“Beidh mé sásta rud ar bith a iarrfaidh sibh orm a dhéanamh,” arsa Aoibhinn go sona sásta. “Gabhaigí i mbun na hoibre anois chomh tiubh géar agus a thig libh agus ná bíodh aon cheo eile fá dtaobh de.”

